



Gheobhaidh cathair san Aontas Eorpach **EU Cities for Fair and Ethical Trade Award** (Gradam Chathracha an AE um Thrádáil Chóir agus Eiticiúil) den chéad uair sa bhliain 2018. Is tionsamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é an Gradam, ar sheol Ard-Stiúarthóireacht na Trádála (AS na Trádála) é mar ghealltanas dá cumarsáid “Trádáil do Chách” maidir lena beartas trádála agus infheistíochta, arna foilsiú sa bhliain 2015.


Roghnaíodh an Lárionad Trádála Idirnáisiúnta (ITC) mar phríomhghníomhaireacht do chur chun feidhme an Ghradaim mar gheall ar a neodracht faoi réir ag na NA agus ar a shaineolas sa trádáil chóir, eiticiúil agus inbhuanaithe.

## CUSPÓIR AN GHRADAIM

- Éachtaí agus tionchar dearfach cathracha i réimsí maidir le hinbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil um thrádáil idirnáisiúnta a aithint agus a cheiliúradh.
- Forbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach a chur chun cinn le haghaidh táirgeoirí beaga trí fheasacht a chothú i measc saoránach, lucht ceaptha beartas, agus fiontraithe maidir le scéimeanna trádála córa, eiticiúla agus inbhuanaithe.
- Cathracha a spreagadh chun foghlaim óna chéile agus na dea-chleachtais a chomhroinnt trí chleachtais trádála córa agus eiticiúla a thabhairt chun suntais agus luach a chur leo.

Tá an Gradam mar chuid d'iarachtaí an AE feasacht a spreagadh faoin dóigh ar féidir le cinntí thomhaltóirí an AE tionchar a fheidmiú ar an gcomhshaoil agus ar shlíbeatha daoine i dtíortha eile – agus an ról atá le comhlíonadh ag cathracha agus ag údarais áitiúla.


## TAIRBHÍ DON CHATHAIR




Ceannródaíthe a chur chun cinn agus cathracha spreagúla agus a scéalta maidir le trádáil inbhuanaithe a chur chun tosaigh



Aithint chlúiteach le haghaidh cathracha a chuireann trádáil chóir agus eiticiúil chun cinn agus fógart na mbuaiteoirí ag searmanas an ghradaim



Infheictheacht fheabhsaithe agus deiseanna líonraithe, clúdach fairsing sna meáin



Tacaíocht sa todhchaí ón Lárionad Trádála Idirnáisiúnta le haghaidh tionscadail forbartha inbhuanaithe faoi stiúir cathrach.



Na cleachtais is fear maidir le trádáil chóir agus eiticiúil idir cathracha, saoránaigh, lucht ceaptha beartas agus gnóthaí a mhalartú

## CÉ AR FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH?

Cathracha san AE le daonra os cionn 20,000 a dhéanann trádáil chóir agus eiticiúil le tríú tíortha ach tionscadail, cláir, beartais nó cleachtais nuálacha den scoth a chur chun feidhme.

## CONAS IS FÉIDIR LE DO CHATHAIR BUACHAN?

Ní mór do chathracha tiomantas a léiriú ina n-iarratas i leith na dtrí chritéar a leanas:

### 1. Ceannaireacht, fíis, straitéis

- Ar choinnigh do chathair taifid de léirithe gealltanais sa réimse 'trádáil i dtreo sprice'?
- An ndearna do chathair colúin inbhuanaitheachta a chomhtháthú lena cinnteoireacht?

### 2. Tionscnaimh agus Rannpháirtíocht

- An bhfuil do chathair rannpháirteach i gcomhar geallsealbhóirí agus sa spreagadh feasachta?
- An bhfuil do chathair ag cumasú gníomhaíochtaí córa agus eiticiúla agus ag cruthú dreasachtaí?

### 3. Tionchar, éifeacht, éachtaí

- An féidir le do chathair tionchair agus torthaí na mbeartas atá feidhmithe aici a léiriú?
- An féidir le do chathair na tionchair a bhíonn ag cleachtas trádála córa agus eiticiúla ar phobail trádála a léiriú?

## CAD CHUIGE CATHRACHA AGUS TRÁDÁIL?

Moil na trádála domhanda a bhí i gcathracha go traidisiúnta, iad ag feidhmiú mar naisc eacnamaíochta na hEorpa leis an gcuid eile den domhan. Sa lá atá inniu ann, maireann breis agus dhá dtrian d'Eorpaigh i gcathracha agus i mbailte lena mbaineann ról lárnach i gcúrsaí tráchtála agus i bhfeasacht ar thomhaltas inbhuanaithe. Mar gheall air sin, tá acmhainneacht ar leith ag cathracha san AE athrú dearfach a chur chun cinn ar mhaithe le trádáil inbhuanaithe agus chuimsitheach.

## AMLÍNE



Dearadh an  
Ghradam

Bealtaine 2017 -  
Deireadh Fómhair  
2017




Oslófar  
d'Iarratais

7 Nollaig 2017



Spríodhata  
d'Iarratais

Aibreán 2018



An Coiste  
Meastóireacht  
a

Aibreán  
2018



Cinntí an  
Ghiúiré

Bealtaine  
2018



Searmanas an  
Ghradam /  
Ceardlanna

27 Meitheamh  
2018

Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin nGradam, íoslódáil Foirm Iarratais, agus Déan Iarratas, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Ghradam:

[www.trade-city-award.eu](http://www.trade-city-award.eu)

Teagmháil:

[fairandethical@trade-city-award.eu](mailto:fairandethical@trade-city-award.eu) - Powered by Phrenos